Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Samhain 2023
(OR. en)

14857/23

LIMITE

CORLX 985
CFSP/PESC 1459

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319**
**a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle an 25 Samhain 2022 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí[1], agus go háirithe Airteagal 4(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 307, 28.11.2022, lch. 135.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2319.

(2) An 20 Deireadh Fómhair 2023, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 2653 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiúin Aontaithe, an fhaisnéis a bhaineann le duine amháin sa liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319 a nuashonrú.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/2319 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 1:

‘1. Bhí **Jimmy CHERIZIER** (ar a dtugtar freisin ‘Barbeque’) ag gabháil do ghníomhartha a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Háítí i mbaol agus rinne sé gníomhartha a phleanáil, a stiúradh, nó a dhéanamh ar sháruithe tromchúiseacha ar chearta an duine iad. Tá Jimmy Cherizier ar na ceannairí droinge is mó tionchar i Háítí agus is é atá i gceannas ar chomhghuaillíocht de dhronga Háítí ar a dtugtar ‘G9 Family and Allies’ [‘Teaghlaigh agus Comhghuaillithe G9’].

**Feidhm:** Iar-Phóilín

**Dáta breithe:** 30 Márta 1977

**Áit bhreithe:** Port-au-Prince, Háítí

**Náisiúntacht:** Ó Háítí

**Uimhir aitheantais náisiúnta:** 001-843-989-7 (NIF – Háítí)

**Seoladh:** 16, Imp Manius, Delmas 40 B, Port-au-Prince, Háítí

**Dáta ainmniúcháin na Náisiúin Aontaithe:** an 21 Deireadh Fómhair 2022

PUBLIC

**Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:**

Agus é ar seirbhís mar oifigeach i bPóilíní Náisiúnta Háítí, rinne Cherizier an t-ionsaí marfach i mí na Samhna 2018 ar shibhialtaigh i gcomharsanacht in Port-au-Prince ar a dtugtar La Saline, a phleanáil agus ghlac sé páirt ann. Le linn an ionsaithe seo maraíodh ar a laghad 71 duine, scriosadh os cionn 400 teach agus rinne dronga armtha éigniú ar sheachtar ban ar a laghad. Le linn 2018 agus 2019, bhí Cherizier i gceannas ar ghrúpaí armtha in ionsaithe comhordaithe brúidiúla i gcomharsanachtaí Port-au-Prince. I mí na Bealtaine 2020, bhí Cherizier i gceannas ar dhronga armtha in ionsaí 5 lá i gcomharsanachtaí éagsúla de chuid Port-au-Prince inar maraíodh sibhialtaigh agus inar cuireadh tithe trí thine. Ón 11 Deireadh Fómhair 2022 ar aghaidh, tá Cherizier agus a chónaidhm de dhrong "Teaghlaigh agus Comhghuaillithe G9" ag cur bac gníomhach ar shaorghluaiseacht breosla ó chríochfort breosla Varreux – an críochfort breosla is mó i Háítí. Chuir a chuid gníomhaíochtaí go díreach leis an bpairilis eacnamaíoch agus leis an ngéarchéim dhaonnúil i Háítí.'.

PUBLIC